# ELeathanach272

**Dé Luain 9 Deireadh Fómhair 2017**

## Liam Cosgrave

Fuair Liam Cosgrave bás Dé Céadaoin seo caite. Bhí sé 97 bliain d'aois. Bhí sé ina cheannaire ar an bpáirtí polaitíochta Fine Gael.

Bhí sé ina Thaoiseach ar Éirinn idir 1973-77. Bhí a athair WT Cosgrave i gceannas ar Éirinn ó 1922-1932.

Bhí an tsochraid ar siúl i Ráth Fearnáin. Bhí sochraid a athar ar siúl sa séipéal céanna 52 bliain o sin. Bhí an Taoiseach Leo Varadakar i láthair ag an tsochraid freisin.

Bhí an tsochraid ar siúl i Ráth Fearnáin

## An tIonad Lakhta - An Teach Spéire is Airde san Eoraip

Tá an tIonad Lakhta á thógáil in St Petersburg sa Rúis. Beidh oifigí ann agus pláinéadlann i measc rudaí eile.

Beidh an tIonad Lakhta an-ard. Nuair a bheidh sé críochnaithe beidh sé níos airde ná aon fhoirgneamh eile san Eoraip.

Beidh sé beagnach leathchiliméadar ar airde! (462 méadar). Tá an teach spéire is airde ar domhan in Dubai.

Seo an tIonad Lakhta. Is teach spéire é seo.

## Sacar

D'éirigh go han-mhaith le foireann na hÉireann ina gcluiche mór tábhachtach i mBaile Átha Cliath Dé hAoine seo caite.

Bhí an cluiche ar siúl sa staid Aviva. Bhuaigh foireann na hÉireann ar pheileadóirí na Moldóive leis an scór 2-0. Fuair Daryl Murphy an dá chúl.

Caithfidh siad an bua a fháil anois ina gcluiche deireanach i gcoinne fhoireann na Breataine Bige má tá siad chun páirt a ghlacadh i gCorn an Domhain 2018 sa Rúis.

Beidh an cluiche sin ar siúl in Cardiff inniu. Beidh Tuaisceart na hÉireann ag imirt in Osló Déardaoin. Go n-éirí leis an dá fhoireann!

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath- Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad, OÉMN, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.